Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 6 Samhain 2018**
**(OR. en)**

**13865/18**

**ECOFIN 1012**
**STATIS 71**
**UEM 345**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 6 Samhain 2018 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle Ecofin maidir le Staidreamh an Aontais Eorpaigh<br>- Conclúidí ón gComhairle maidir le Staidreamh an Aontais (6 Samhain 2018) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na conclúidí ón gComhairle maidir le staidreamh an Aontais Eorpaigh, mar a ghlac an Chomhairle (Ecofin) iad ag an 3646ú cruinniú a bhí aici, ar an 6 Samhain 2018 sa Bhruiséil.

**IARSCRÍBHINN**

**Conclúidí ón gComhairle maidir le staidreamh an Aontais Eorpaigh**

***Cruinniú den Chomhairle GNÓTHAÍ EACNAMAÍOCHA agus AIRGEADAIS***

***An Bhruiséil, 6 Samhain 2018***

Ghlac an Chomhairle na conclúidí seo a leanas:

"I bhfianaise na dtosaíochtaí a leagadh síos sna conclúidí roimhe seo ó Chomhairle Ecofin, go háirithe maidir le Tuarascáil Stádais ón gCoiste Eacnamaíoch agus Airgeadais maidir le Ceanglais Faisnéise san aontas eacnamaíoch agus airgeadaíochta (AEA), agus aird á tabhairt ar na riachtanais staidrimh is bun leis an rialachas eacnamaíoch, tá athbhreithniú déanta ag an gComhairle Gnóthaí Eacnamaíocha agus Airgeadais ar an dul chun cinn a rinneadh maidir le ceanglais faisnéise in AEA, staidreamh faoin nós imeachta um easnamh iomarcach agus don fhaireachas ar mhíchothromaíocht mhaicreacnamaíoch, agus don staidreamh struchtúrach.

**Ról lárnach an staidrimh oifigiúil Eorpaigh**

IS MÓR AG an gComhairle an tús áite atá tugtha don obair ar staidreamh imirce, agus ar a bhfuil ag tarlú i réimsí na fostaíochta, an mhargaidh aonair dhigitigh, taighde agus forbartha, na nuálaíochta, an fhuinnimh, na hathraithe aeráide, an chomhshaoil, an oideachais, na sláinte, na cosanta sóisialta, an chuimsithe shóisialta agus na bochtaineachta.

IS DÍOL SÁSAIMH don Chomhairle, i gcomhthéacs AEA, go ndéanfaidh Eurostat meastóireacht ar na riachtanais staidrimh ábhartha atá ag teacht chun cinn.

IS DÍOL SÁSAIMH don Chomhairle an dul chun cinn a rinneadh maidir le cur chun feidhme Fhís 2020 de chuid an Chórais Staidrimh Eorpaigh, go háirithe an fócas ar thorthaí ardcháilíochta a sholáthar, foinsí nua sonraí a úsáid, lena n-áirítear mórshonraí, agus an chumarsáid le húsáideoirí a fheabhsú.

CUIREANN an Chomhairle I dTREIS nach mór a áirithiú gur leordhóthanach na hacmhainní daonna agus airgeadais don infheistíocht sa bhonneagar staidrimh agus dá chothabháil, ar an leibhéal Eorpach agus náisiúnta, le go mbeidh an Córas Staidrimh Eorpach (CSE) in ann staidreamh rialta, ardcháilíochta, oifigiúil a chur ar fáil ar leibhéal na mBallstát agus ar leibhéal an Aontais i gcomhthéacs na ndúshlán a eascraíonn as an domhandú agus as an ascnamh teicneolaíoch. MEABHRAÍTEAR don Chomhairle an tábhacht a bhaineann leis an ualach a bhíonn ar fhreagróirí a íoslaghdú.

**Dearbhú cáilíochta an aschuir staidrimh**

AITHNÍONN an Chomhairle gur mar chomhlánú ar an obair maidir le comhlíonadh agus sonraí bailíochtaithe, a thug Eurostat isteach creat d'fhonn feabhas a chur ar an meastóireacht ardcháilíochta, agus tá dul chun cinn suntasach déanta le bliain anuas. TUGANN an Chomhairle DÁ hAIRE gur iarradh ar na Ballstáit tuarascáil bhliantúil i dtaca le cáilíocht na sonraí tarchurtha maidir le cuntais náisiúnta agus réigiúnacha a chur ar fáil do Eurostat, tar éis an chur chuige céimnigh.

**Tuarascáil Stádais 2018 ón gCoiste Eacnamaíoch agus Airgeadais maidir le Ceanglais Faisnéise in AEA**

TUGANN AN CHOMHAIRLE DÁ hAIRE an méid a bhfuil cur síos air sa Tuarascáil Stádais 2018 ón gCoiste Eacnamaíoch agus Airgeadais maidir le Ceanglais Faisnéise in AEA. Déanann an Chomhairle an méid seo a leanas, go háirithe:

IS MÓR AICI an dul chun cinn suntasach a rinneadh maidir le cuimsiú tíortha, tráthúlacht, fad na n-amshraitheanna, agus cáilíocht fhoriomlán na bpríomhtháscairí eacnamaíocha Eorpacha le 10 mbliana anuas – ó leagadh amach na tagarmharcanna uaillmhianacha in 2008.

AITHNÍONN SÍ na feabhsuithe breise i gcuimsiú tíortha i roinnt príomhtháscairí eacnamaíocha Eorpacha agus fad méadaithe na n-amshraitheanna atá ar fáil don staidrimh ráithiúil airgeadais rialtais ó bhí an tuarascáil deiridh ann.

IS MÓR AICI na feabhsuithe sin agus tá súil aici le tuilleadh dul chun cinn chun na bearnaí arb ann dóibh fós a réiteach, agus MOLANN SÍ do Eurostat leanúint den obair d'fhonn táscaire do dhíolacháin ráithiúil tithe a fhorbairt.

CUIREANN SÍ I dTREIS an dul chun cinn i gcuntais earnálacha an limistéir Euro, agus scaipeadh na dtobmheastachán fostaíochta don Aontas Eorpach agus don limistéar euro.

TUGANN SÍ DÁ hAIRE aidhm Eurostat tuilleadh feabhais a chur ar thráthúlacht na gcomhiomlán Eorpach agus dul, de réir a chéile, i dtreo meastachán comhdhlúite maidir le príomh-chomhiomláin na gcuntas náisiúnta, lena n-áirítear an fhostaíocht ag t+ 60 lá in 2019.

**Staidreamh réadmhaoine chun críocha macrastuamachta agus eile**

CUIREANN an Chomhairle I dTREIS an spéis ghinearálta atá ag institiúidí poiblí, lucht déanta beartas, infheisteoirí an mhargaidh, agus go sonrach, ag anailísithe cobhsaíochta agus maoirseoirí airgeadais i dtáscairí praghsanna maoine tráchtála (CPPI), agus IS DÍOL SÁSAIMH DI ról an Choimisiúin i dtaca le comhordú a dhéanamh ar dhréachtú thuarascáil staidrimh CPPI i mí na Nollag 2017.

IS DÍOL SÁSAIMH don Chomhairle na tionscnaimh éagsúla a rinne an Córas Staidrimh Eorpach (CSE) agus an Córas Eorpach Banc Ceannais (CEBC) d'fhonn dul chun cinn a dhéanamh i dtaca le coincheapa a fhorbairt maidir le táscairí airgeadais réadmhaoine. MOLANN AN CHOMHAIRLE do CSE agus CEBC araon a thábhachtaí agus a phráinní atá sé tús áite a thabhairt don tsaincheist seo.

IS DÍOL SÁSAIMH don Chomhairle gur bunaíodh tascfhórsa ar tháscairí airgeadais réadmhaoine chun leanúint den obair sin i dtaca le forbairt na dtáscairí sin laistigh de CSE, i ndlúthchomhar le CEBC, agus TUGANN SÍ DÁ hAIRE eagrúchán an Choimisiúin i dtaca leis an gComhdháil Idirnáisiúnta ar Staidreamh Réadmhaoine, a thionólfar i Lucsamburg i mí Feabhra 2019. IS DÍOL SÁSAIMH freisin don Chomhairle é an dul chun cinn atá déanta ag tascfhórsa CEBC i dtaca le táscairí a bhaineann le maoiniú réadmhaoine;

AITHNÍONN an Chomhairle go mbailítear go rialta agus go deonach na táscairí atá ar fáil do dhíolacháin tithe ráithiúla agus bliantúla, agus IS DÍOL SÁSAIMH DI gur dhréachtaigh Eurostat achoimre ar shaincheisteanna nach mór a réiteach go fóill, inter alia ceisteanna coincheapúla agus modheolaíocha, agus go ndearnadh an achoimre sin a thabhairt cothrom le dáta a bhuí le rannchuidiú na mBallstát. MOLANN an Chomhairle don Choimisiún leanúint leis an bplé in 2019, agus IARRANN SÍ ar na Ballstáit an fhaisnéis is déanaí atá ar fáil dóibh, mura bhfuil sin déanta go nuige seo, a sholáthar.

**Staidreamh airgeadais rialtais agus staidreamh faoin nós imeachta um easnamh iomarcach**

CUIREANN an Chomhairle I dTREIS an méid seo: saothar an Choimisiúin chun seirbhís staidrimh ar ardcháilíocht sa réimse sin a bhaineann le staidreamh faoin nós imeachta um easnamh iomarcacha a sholáthar, agus bun-staidreamh airgeadais rialtais na mBallstát, d'fhonn faireachán a dhéanamh ar bheartais eacnamaíocha an Chomhphobail, d'fhonn iad a chur chun feidhme agus a fhorbairt chomh maith leis an gComhshocrú Cobhsaíochta agus Fáis agus Plean Infheistíochta an Choimisiúin don Eoraip. Iarrann an Chomhairle ar na Ballstáit a áirithiú go bhfuil gach sonra staidrimh is gá d'fhonn tagarmharc chaiteachais an Chomhshocraithe Cobhsaíochta agus Fáis a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear sonraí i dtaca le hioncam rialtais ó chistí an Aontais, curtha faoi bhráid Eurostat.

Is DÍOL SÁSAIMH don Chomhairle an dul chun cinn atá déanta maidir le hathruithe modheolaíochta a thabhairt isteach ar bhealach struchtúraithe, sceidealaithe agus maidir leis na nósanna imeachta nua i dtaca leis an treoir nua. Ag an am céanna, MOLANN an Chomhairle don Choimisiún (Eurostat) na nósanna imeachta nua a chur i bhfeidhm ar bhealach níos déine. Ina theannta sin, MEABHRAÍTEAR don Chomhairle a riachtanaí atá sé aird chuí a thabhairt ar shrianta ama agus acmhainne na mBallstát maidir le cur chun feidhme na treorach agus maidir le pointí le haghaidh gníomhaíochta a d'eascair as cuairteanna idirphlé maidir leis an nós imeachta um easnamh iomarcach.

**Staidreamh faoin nós imeachta um míchothromaíocht mhaicreacnamaíoch**

AITHNÍONN an Chomhairle gur den tábhacht go mbeadh an staidreamh is bonn don nós imeachta um míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha oiriúnach don chuspóir i gcomhthéacs an bheartais thar a bheith ábhartha seo, i gcás ina sainaithnítear míchothromaíochtaí agus ina ndéantar faireachán ar dhul chun cinn na dtíortha bunaithe ar an gcáilíocht sonraí is fearr dá bhfuil ann.

Is DÍOL SÁSAIMH don Chomhairle an dul chun cinn atá déanta maidir le dearbhú cáilíochta an staidrimh is bonn don nós imeachta um míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha, agus AITHNÍONN SÍ na céimeanna a ghlac Eurostat agus Ard-Stiúrthóireacht Staidrimh BCE d'fhonn an Meabhrán Tuisceana a chur chun feidhme.

**Staidreamh sóisialta**

IS DÍOL SÁSAIMH DI freisin an dul chun cinn atá déanta maidir le nuachóiriú an staidrimh shóisialta, go háirithe an t-ionchur sa Scórchlár Sóisialta do Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta, trí shonraí a chur ar fáil maidir le réimse leathan táscairí.

TUGANN an Chomhairle DÁ hAIRE go bhfuil an plean chun staidreamh daonra a nuachóiriú á chomhdhlúthú, agus go n-áirítear ann straitéis athnuaite maidir le daonáirimh agus maidir le háirimh thithíochta, tar éis dhaonáireamh 2021, mar aon le sonraí déimeagrafaíochta.

IS MÓR ag an gComhairle an feabhas a cuireadh ar shuirbhé an Aontais ar an bhfórsa saothair, arb í an phríomhfhoinse staidrimh í i dtaca le tréithe struchtúrtha mhargadh an tsaothair, agus MOLANN SÍ don Choimisiún leanúint den athbhreithniú cuimsitheach. AITHNÍONN an Chomhairle gur den tábhacht freisin é an raon a bhaineann le staidreamh ar fholúntais a chomhchuibhiú tuilleadh d'fhonn caighdeán na faisnéise atá ar fáil i dtaca le héileamh ar shaothar a fheabhsú.

**An Domhandú**

AITHNÍONN an Chomhairle an obair a rinneadh chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin an domhandaithe don staidreamh, lena n-áirítear a ndearnadh chun tuiscint níos fearr a fháil ar struchtúr agus ar ghníomhaíochtaí na bhfiontar ilnáisiúnta agus iad sin a thomhas (próifíliú), agus IS DÍOL SÁSAIMH DI gur bunaíodh córas luathrabhaidh maidir le hathstruchtúrú oibríochtaí fiontar ilnáisiúnta, mar aon leis na feabhsuithe ar Chlár na nGrúpaí Eorpacha. TACAÍONN an Chomhairle leis an méid atá á dhéanamh le comhroinnt na faisnéise ábhartha idir tiomsaitheoirí staitistiúla a éascú.

**Spriocanna forbartha inbhuanaithe**

IS DÍOL SÁSAIMH don Chomhairle an obair atá á déanamh chun na tacair sonraí is bun le Straitéis Eoraip 2020 a shaibhriú agus chun feabhas a chur ar a dtráthúlacht agus ar a gceart-scaipeadh. TUGANN SÍ DÁ hAIRE gur áiríodh gach ceann de tháscairí ceannlíne Eoraip 2020 sa tacar táscairí chun faireachán rialta a dhéanamh ar dhul chun cinn Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SDGanna) na Náisiún Aontaithe i gcomhthéacs an Aontais. IS DÍOL SÁSAIMH don Chomhairle gur foilsíodh tuairiscí faireacháin SDG, mar a bhí iarrtha ag an gComhairle.

**Cuntasaíocht na hearnála poiblí**

TUGANN an Chomhairle DÁ hAIRE an obair theicniúil atá á déanamh in 2018 ar chreat agus ar chaighdeáin i ndáil le Caighdeáin Chuntasaíochta na hEarnála Poiblí Eorpaí (EPSAS) a fhorbairt, mar aon le tacú le bearta chun aibíocht chuntasaíocht na hearnála poiblí sna Ballstáit a mhéadú; anuas air sin, TUGANN SÍ DÁ hAIRE an bhéim atáthar ag leagan ar rannpháirtíocht na n-údarás áitiúil agus réigiúnach i bpléití EPSAS, agus TUGANN SÍ DÁ hAIRE an obair atá á déanamh maidir leis an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag EPSAS.